

Páirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí
Plean Straitéiseach 2007 – 2012
“Spórt agus Gníomhaíocht Choirp - Modh Maireachtála”

ÁBHAR IMLÍNEACH

I. Innéacs:

Teachtaireacht ó John Treacy, Príomh-Fheidhmeannach, An Chomhairle Náisiúnta Spóirt

Ó bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Spóirt in 1999, bhí rún daingean aige gréasán náisiúnta Pháirtíochtaí Spóirt Áitiúla a chruthú ar fud na tíre. In 2008, bainimid an mórspríoc sin amach ar deireadh agus, a bhuíochas de na Páirtíochtaí Spóirt Áitiúla atá ann faoi láthair, fuairamar faomhadh an Rialtais chun an gréasán a chríochnú. Sampla fuinniúil is soiléir den rath a bhí ar thionscnamh na bPSÁ is ea Páirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí. Tá dul chun cinn an-dearfach déanta aige i rith na chéad tréimhse straitéisí.

Féachtar ar ghréasán Pháirtíocht Spóirt Áitiúil mar bhealach atá fíor-éifeachtach chun deiseanna a fhorbairt do dhaoine ag aois ar bith páirt a ghlacadh sa spórt ina bpobail féin. Tá páirt dhearfach an ghréasáin tugtha faoi deara ag áisíneachtaí mar Fheidhmeannacht Seirbhísí Sláinte, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Pobal. Bhí tionchar dearfach ar chlubanna, scoileanna agus ar ghrúpaí eile i gContae na Mí ag na gníomhaíochtaí tábhachtacha a thugann eolas agus traenáil agus a chuireann cláir ar fáil go háitiúil. Tá obair nuálaíoch déanta, chomh maith, chun daoine nua-thagtha a aontú isteach sa phobal trí mheán an spóirt agus ghníomhaíocht choirp.

Cuireann an straitéis seo leis an sár-obair atá déanta cheana féin agus cuireann sé in iúl go soiléir ról na bpáirtíochtaí chun gníomhaíocht do gach éinne a mholadh. Dáiríre, aontaíonn sé seo le haidhm na Comhairle Náisiúnta Spóirt go mbeidh níos mó daoine gníomhach agus ag baint leasa as spórt agus as gníomhaíocht choirp. Tá dóchas ag an gComhairle go leanfaidh Páirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí ag cur eolais, spóirt agus ghníomhaíocht choirp d'ardchaighdeán ar fáil go ceann mórán blianta.

Aithníonn an straitéis nua seo atá curtha ar fáil an obair chrua agus an díograis a bhí ag teastáil chun rath chomh mór a bhaint amach don Pháirtíocht Spóirt Áitiúil. Cuireann sé in iúl, chomh maith, an obair atá fós le déanamh agus luann sé na daoine a chabhróidh leis an bpáirtíocht chun é sin a bhaint amach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach aoinne a raibh páirt aige sa spórt i gContae na Mí go dtí an t-am seo agus go háirithe do Mary Murphy, foireann agus Bord na Páirtíochta. Táim ag tnúth le 2012 nuair a bheidh Spórt agus Gníomhaíocht Choirp mar Mhodh Maireachtála sa Mhí !

John Treacy

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí – Michael O' Keffe

Tá an-áthas orm fáilte a chur romhaibh go dtí dara straitéis Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí (PSÁM) 2007 – 2012, “Spórt agus Gníomhaíocht Choirp – Modh Maireachtála”. D’eascair an plean seo as mór-chomhráití le hionadaithe ó na hearnálacha spóirt, pobail agus deonacha, áisíneachtaí tábhachtacha agus le bord Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí. Táimid fós ag cur leis an rath a bhí ar ár gcéad phlean, 2003 – 2006 agus leanfaimid leis an téama lárnach chun rannpháirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú.

Is é an sainmhíniú atá ar straitéis ná plean gníomhaíochta atá curtha le chéile go cúramach chun aidhm a bhaint amach nó an ealaín a bhaineann le forbairt nó le cur i bhfeidhm plean den chineál seo. Ní féidir straitéis a chur le chéile go dtí go ndéantar amach na haidhmeanna atá le baint amach. Is í an mhóraidhm atá ag PSÁM ná páirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp i gContae na Mí a mhéadú. Tá an straitéis atá againn chun é seo a bhaint amach do na 5 bliana atá le teacht leagtha amach sa phlean seo.

Bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Spóirt Páirtíochtaí Spóirt Áitiúla chun forbairt an spóirt a chur chun cinn agus chun ceannaireacht, comhordú agus stiúru a chur ar fáil, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Measadh go raibh an acmhainn ab fhéarr chun na heagraíochtaí spóirt ar fad a thabhairt le chéile ag an leibhéal áitiúil. Más féidir linn cinneadh a dhéanamh ag an leibhéal áitiúil, cruthóidh sé braistint cheart úinéireachta agus mórtas as a bhfuil bainte amach. Ó 2002 i leith tá eagraíocht den chineál seo i bPáirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí.

Ba mhaith liom glacadh leis an deis seo chun buíochas a ghabháil le gach aoinne atá tar éis seirbhís a dhéanamh ar Bhord Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí ó 2002 i leith agus chun comhghairdeas a dhéanamh le bhur gcomhordaitheoir, Mary Murphy, agus lena foireann as PSÁM a dhéanamh mar cheann de na Páirtíochtaí is féarr sa tír.

Tá muinín agam go bhfeabhsófar spórt agus gníomhaíocht choirp sa Mhí, má chuirtear an plean straitéiseach seo i bhfeidhm.

Rath Dé ar an obair,
Mick O' Keffe,
Cathaoirleach.

Teachtaireacht ó Chomhordaitheoir Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí – Mary Murphy

Mar Chomhordaitheoir Spóirt Áitiúil, tá an-áthas orm a fheiceáil go bhfuil an dara plean straitéiseach seo críochnaithe. Chun an pointe seo a shroichint, bhí mór-chomhráití le grúpaí spóirt áitiúla, le grúpaí pobail agus le grúpaí deonacha, le gníomhaireachtaí agus le Baill Bhoird -tá mé an-bhuíoch díobh go léir as an am, eolas agus saineolas a chuireadar ar fáil.

Tá an dara plean atá againn – “Spórt agus Gníomhaíocht Choirp – Modh Maireachtála”, ag cur leis an téama lárnach, páirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú, a bhí an-soiléir in ár bplean, 2003-2006. Cuireann an plean seo modh oibre ar fáil dúinn chun páirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a fhorbairt sa Mhí mar tá ár bpríomhghníomhaíochtaí á gcur ar fáil go leanúnach, saotharlanna oideachais oiliúnóra, forbairt an chlub agus pobail i gcláir ghníomhaíochta.

Tá páirtíocht, tacaíocht agus infheistíocht na bpríomh-pháirtithe leasmhara agus na n-áisiúneachtaí áitiúla lárnach in obair agus i bhforbairt na comhpháirtíochta. Tá na mór-fhachtóirí seo thar a bheith tábhachtach don rath atá ar an bplean straitéiseach seo. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach a thugann said agus don infheistíocht a dhéanann said sa PSÁM.

Ba mhaith liom, chomh maith, aitheantas a thabhairt don obair, don am agus don tacaíocht a thugann mórán ionadaithe spóirt, pobail agus deonacha a bhí ag plé linn ó 2002 i leith. Gan iad ní bheadh ár sprioc, breis páirtíochta, bainte amach againn.

Táim buíoch de John Treacy agus d’fhoireann na Comhairle Náisiúnta Spóirt as an tacaíocht agus as an treoir leanúnach a thugann said.

Tá buíochas ar leith ag dul do Caroline Mc Camley ó CMC, a bhí ina háisitheoir don phróiseas pleanála straitéiseach.

Ar deireadh thiar, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d’fhoireann PSÁM – Marcella Mitchell agus Mary Dardis as an obair, tiomantacht agus dílseacht do rath an PSÁM.

Creidim, má oibrímid le cheile, gur féidir na buntáistí a bhaineann le spórt agus le gníomhaíocht choirp a chur ar fáil sa tslí is éifeachtaí do gach cuid den phobal agus go ndéanfaidh sé sin difríocht dhearfach do shaol an phobail.

Is mise, le meas,

Maire Ní Mhurchú

2. Achoimre Feidhmiúcháin

Bunaíodh Páirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí in Iúil 2002 faoi stiúir na Comhairle Náisiúnta Spóirt chun pleanáil, ceannaireacht agus comhordú a dhéanamh ar fhorbairt spóirt agus ar ghníomhaíocht choirp sa Mhí.

Rialaíonn Bord Stiúrthóirí Páirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí. Tá comhordaitheoir agus riarthóir lán-aimseartha fostaithe aige. Cuireann an Chomhairle Náisiúnta Spóirt bunmhaoiniú ar fáil ar bhonn bliantúil. Fostaíonn PSÁM cúntóir oifige, chomh maith, trí scéim um Fhostaíocht Pobail FÁS.

In 2003 sheol PSÁM a céad phlean straitéiseach. Léiríonn an t-athbhreithniú ar an bplean seo, a rinneamar le déanaí, an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo – dul chun cinn nach bhféadfaí a dhéanamh gan tacaíocht leanúnach agus gan obair na n-earnálacha spóirt, na n-earnálacha deonacha agus pobail, na n-áisíneachtaí páirtíochta agus an bhoird agus fhoireann PSÁM.

Roinnt de na príomh-éachtaí ó 2002 is ea:

- Páirtíocht níos mó sa spóirt agus sa ghníomhaíocht choirp i scoileanna, réamh-scoileanna agus i meánscoileanna. Tá clár cineálach Buntus curtha ar fáil do gach ceann de 113 bunscoil, do 1056 múinteoir agus do 20,000 páiste. Tá Buntus Start ar fáil in 40 ionad Cúram Leanáil agus Cailíní ag Gníomhú sna meánscoileanna.
- Iniúchadh ar áiseanna spóirt agus pobail agus seoladh eolaí áiseanna.
- Saotharlanna oiliúnóra agus forbartha do 4500 ionadaí club.
- Clár cuimsitheach do dhaoine le míchumas ionas go mbeidh campaí samhraidh Uile-Inniúlachta, saotharlanna Ghníomhaíocht Choirp Oiriúnaithe agus clár spóirt ar leith ar fáil.
- Féilte spóirt áitiúla agus clár d'aosúcháin.
- Acmhainn eolais do gach club agus d'eagraíochtaí spóirt, pobail agus deonacha.
- Seoladh suíomh gréasáin www.meathlocalsportspartnership.ie
- Cur i bhfeidhm rathúil an chéad phlean straitéisigh.

Leanfaidh an dara plean straitéiseach – “Spóirt agus Gníomhaíocht Choirp – Modh Maireachtála” na cúig bliana atá le teacht, 2007 – 2012 agus cuirfidh sé le rath an chéad phlean agus leanfaidh sé ag díriú ar an téama lárnach, páirtíocht sa spóirt agus sa ghníomhaíocht choirp sa Mhí.

Leiríonn an plean seo an treo a thógfaidh PSÁ go dtí 2012; tá sé mar thoradh ar dhian-chomhráití le ball-áisíneachtaí, le hionadaithe club, le múinteoirí, le daoine le míchumas agus le grúpaí pobail agus deonacha.

Ba é fis na páirtíochta in ár gcéad phlean ná “gach éinne a dhéanamh gníomhach trí shaol sláintiúil a chaitheamh agus trí pháirtíocht sa spóirt”; leanfaimid ag déanamh forbartha ar an téama seo chun éascú a dhéanamh ar “spóirt agus gníomhaíocht choirp a bheith mar mhodh maireachtála” sa Mhí.

3. Misean/Luachanna

Is é an misean aontaithe atá againn ná leibhéal agus caighdeán na páirtíochta sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú in éineacht le muintir na Mí trí ghníomhaíochtaí:

- a chuireann daoine in aithne don spórt agus don ghníomhaíocht choirp
- a spreagann páirtíocht leanúnach agus méadaithe
- a dhéanann forbairt ar cháilíocht agus ar áiseanna eagraíochtaí spóirt agus ar an mbealach isteach iontu atá ar fáil
- Seachadadh seirbhíse a mhéadú agus a dhéanamh níos éifeachtaí trí pháirtíocht níos fearr idir na háisíneachtaí cuí.

Is iad na luachanna aontaithe a bheidh soiléir i ngach rud a dhéanaimid ná:

- Cuimsiú – tá rún daingean ag PSÁM cláir, polasaithe agus nósanna imeachta sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp, atá bunaithe ar chomhionannas, ar chuimsiú agus ar pháirtíocht do gach aoinne, a fhorbairt agus a chur ar fáil.
- Cáilíocht - Lorgóidh PSÁM ardchaighdeán sna gníomhaíochtaí go léir; léireoidh sé oscailteacht sa bhealach ina ndéantar cinneadh, freagrúlacht do riachtanais atá ag teacht chun cinn, oscailteacht don dúshlán agus déanfaidh sé deimhin de go n-úsáidfeadh na hacmhainní go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- Ionracas – tá rún daingean ag PSÁM ar ngníomhaíochtaí uile a bhunú ar chreatlach prionsabal inmheánach atá comhsheasmhach. Mór-fhachtóirí cinntitheachta is ea domhain-phrionsabail agus gach leibhéal a bheith ag cloí leis an gcéad leibhéal eile. Tá an coincheap ionracais seo nasctha go díreach le freagracht sa mhéad go dtagann an cur i bhfeidhm ó phrionsabail, agus tá sé bunaithe ar thoradh cinnte a bheith ann.
- Cothroime – Tá rún daingean ag PSÁM cloí le cothroime, sa mhéad go gcuirfidh sé an gá le torthaí cothroma do gach aoinne a bhíonn ag plé le PSÁM chun cinn agus deimhin a dhéanamh de go mbeidh polasaithe na Páirtíochta, nósanna imeachta agus cleachtais cothrom.
- Páirtíocht – Aithníonn PSÁM an tábhacht a bhaineann le páirtíocht a bheith aige le grúpaí áitiúla, clubanna agus áisíneachtaí ar an ábhar go bhfuil said fíor-thábhachtach i bhforbairt pháirtíochtaí spóirt.

4. Aidhmeanna Straitéiseacha, 2007 –2012

1. Chun rátaí páirtíochta agus dea-thaithí sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú.
2. Chun feabhas a chur ar chaighdeán an chláir a chuirtear ar fáil agus ar an mbealach isteach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp i gContae na Mí.
3. Modh láidir páirtíochta a chur le chéile maidir le forbairt agus cur ar fáil an spóirt agus ghníomhaíocht choirp i gContae na Mí.

5. Dúshlán a théann i bhfeidhm ar Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí

Is iad na príomh-dhúshlán atá roimh an bPáirtíocht ná:

- Staitisticí an phobail laistigh den chontae mar a bhfuil an daonra ag méadú go rialta.
- Céatadán daoine óga níos mó ná an meán náisiúnta laistigh den chontae.
- Laghdú ag teacht ar líon na ndaoine a oibríonn go deonach.
- Daiseanna teoranta chun páirt a ghlacadh sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp do ghrúpaí ar an imeall nó atá faoi mhíbhuntáiste.
- Éagsúlacht chultúrtha níos mó sna pobail.
- Leibhéal neamhghníomhaíochta agus murtaill i measc leanaí agus daoine óga ag ardú.
- Éileamh breise ar dheiseanna maithe traenála d'oiliúnoirí, ceannairí, oibríthe deonacha, tuismitheoirí, rannpháirtithe, múinteoirí agus do gach aoinne eile atá páirteach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp.
- Éileamh breise ar na hacmhainní maoinithe atá ar fáil chun cláir a chur i bhfeidhm.
- Gá le breis infheistíochta i bhforbairt spóirt an phobail a bhfuil tacaíocht aige ó áisíneachtaí áitiúla.
- Próifíl bhreise agus tuiscint ar PSÁM agus ar a cuid gníomhaíochtaí.

Aidhm straitéiseach Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí: chun leibhéal rannpháirtíochta agus dea-thaithí sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp sa Mhí a mhéadú

Is féidir le gach aoinne sa phobal buntáiste a bhaint as rannpháirtíocht agus díreoimid ar:

- Daoine óga agus leanaí
- Mná
- Aosúcháin
- Daoine faoi mhíchumas
- Pobail, go háirithe mionlaigh eitneacha, lucht siúil agus pobail faoi mhíbhuntáiste.

Tabharfaimid tacaíocht agus déanfaimid idirghabháil chun:

- spórt agus gníomhaíocht choirp a mhéadú
- pátrúin nua spóirt agus gníomhaíocht choirp a chur ar fáil san áit nach bhfuil rannpháirtíocht ar bith nó ina bhfuil sé íseal.

Aidhm Straitéiseach Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí: Chun caighdeán an chláir a chuirtear ar fáil agus teacht ar áiseanna spóirt agus gníomhaíocht choirp sa Mhí a fheabhsú.

Tá fíor-thábhacht ag baint le páirt na ngrúpaí bainistíochta agus le dea-phleanáil fhisiceach ar áiseanna maidir le forbairt ar áiseanna maithe a mheallann daoine chun páirt a ghlacadh sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp. Léirigh próiseas comhairliúcháin 2006 agus áiseanna iniúchta PSÁM tábhacht dea-áiseanna a bhfuil teacht orthu agus a chuireann ildeiseanna spóirt ar fáil. San áireamh in ár gcuid oibre beidh:

- ag tacú, ag éascú agus ag cur cláir thraenála agus oideachais ar fáil dóibh siúd atá mar oiliúnoirí, oibríthe deonacha, eagraíthe agus ceannairí spóirt laistigh de chlubanna agus eagraíochtaí.
- Ag spreagadh úsáid an spóirt agus áiseanna a bhfuil baint acu leis sa Mhí.
- Ag spreagadh polasaí agus cleachtais a chuireann san áireamh tábhacht spóirt agus ghníomhaíocht choirp.

Aidhm Straitéiseach Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí: Páirtíocht láidir a fhorbairt chun spórt agus gníomhaíocht choirp a chur chun cinn agus a chur ar fáil i gContae na Mí.

Is é atá i bPáirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí ná páirtíocht idir eagraíochtaí reachtúla agus deonacha i gContae na Mí atá ag obair le chéile chun deiseanna a chur ar fáil do bhreis daoine a bheith páirteach sa spórt agus sa gníomhaíocht choirp. Is é an cúram atá orainn ná deimhin a dhéanamh de go mbainimid an úsáid is fearr as na hacmhainní ar fad agus as deiseanna trí chomhoibriú. Tá an-eolas againn agus má oibrímid le chéile is féidir ár gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais an líon is mó daoine i gContae na Mí. Chuige sin déanaimid:

- ár scileanna idiráisiúneachta a fhorbairt chun ár bpairtíocht a fheabhsú
- cineálacha comhchleachtais a roinnt agus a fhorbairt ionas gur féidir linn ár n-acmhainní agus ár n-eolas a chur le chéile chun sár-sheirbhísí a chur ar fáil.
- an obair ar PSÁM a neartú chun forbairt, cur i bhfeidhm agus modhanna monatóireachta agus measúnaithe a roinnt sa tslí go gcuirtear an Plean Straitéiseach seo i bhfeidhm go héifeachtach.
- deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh PSÁM a bpleananna straitéiseacha agus oibriúcháin agus buiséad bliantúil a fhorbairt go héifeachtach agus go héifeachtúil agus iad a chur i bhfeidhm agus iad a bhainistiú.
- cultúr eagraíochta, modhanna oibre agus polasaithe bainistithe acmhainne daonna agus straitéisí a chinntiú agus a chuireann ar chumas na foirne a rólanna a chomhlíonadh, a bpáirteanna a fhorbairt go dtí an pointe is mó agus a bheith ina bpáirtithe éifeachtacha le balleagraíochtaí.
- straitéisí cumarsáide inmheánacha agus seachtracha atá éifeachtach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do PSÁM agus dá balleagraíochtaí.

Aidhm 1: Cinnteoidh PSÁM go mbeidh deiseanna breise ag muintir na Mí chun páirt a ghlacadh sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp

Gníomh	Sprioc	Gníomhaíocht	Beartais Ratha	Freagracht/Acmhainní
1.1	Leanaí agus daoine óga	Tacú le Gníomhaíocht choirp agus é a chur chun cinn do leanaí réamhscoile trí chlár Buntus Start	Clár a bheith ar fáil i ngach réamhscoil faoi 2012	PSÁM le tacaíocht ó CNS, CCL na Mí agus soláthróirí cúram leanaí
		Tacú le cláir chineálacha Buntus agus le spóirt ar leith i ngach bunscoil agus iad a chur chun cinn	Clár ar fáil i ngach Bunscoil agus tacaíocht leanúnach ar fáil faoi 2012	PSÁM le tacaíocht ó CNS, BBN, Scoileanna
		Tacú le cur i bhfeidhm an chláir 'Cailíní ag Gníomhú' i meánscoileanna chun páirt na gcailíní a choinneáil	Clár ar fáil i ngach Meánscoil faoi 2012	PSÁM le tacaíocht ó CG na Mí agus ó Scoileanna Dara Leibhéal
		Gníomhaíochtaí a chuireann chun cinn agus a thugann tacaíocht do spórt agus do ghníomhaíocht choirp i dtimpeallacht na hóige	10 gclár Ceannaireacht Ghníomhach in ógeagraíochtaí/ club óige	PSÁM le tacaíocht ó CG na Mí, FSS, Cónaidhm Óige na Mí, ógeagraíochtaí
1.2	Mná	Nasctha le Tionscnamh CNS Mná sa Spórt, dhá thionscnamh nua a fhorbairt agus tacú leo in aghaidh na bliana a mhéadóidh páirt na mban sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp	10 dtionscnamh ina mbeidh 2000 bean páirteach ann faoi 2012	PSÁM le tacaíocht ó FSS, CNS, CG na Mí agus clubanna spóirt áitiúla agus ó phobail
		Mór-pháirtíocht/ comórtas mar mhion-mharatón	Comórtas tionscnaimh faoi dheireadh 2010	PSÁM le tacaíocht ó FSS, Bord Lúthchleasa na Mí agus ó Fhóiraim Phobail agus Deonacha
1.3	Daoine faoi Mhíchumas	Páirt na ndaoine faoi mhíchumas sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a chur chun cinn agus tacú leis trí Phlean Gníomhaíochta Spóirt agus Míchumais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm	Cur le líon na ndaoine faoi mhíchumas a ghlacann páirt i réimse leathan spóirt agus ghníomhaíocht choirp	Oifigeach Forbartha um Chuimsiú Spóirt PSÁM le tacaíocht ó CCM, DFMÉ, CGM, BBN

Gníomh	Sprioc	Gníomhaíocht	Beartais Ratha	Freagracht/Acmhainní
I.4	Aosúcháin	Obair a dhéanamh i bpáirt le háisíneachtaí cuí chun deiseanna breise a chur ar fáil d'aosúcháin páirt a ghlacadh sa spórt agus sa gníomhaíocht choirp	8 gclár spóirt agus gníomhaíocht choirp ar leith	PSÁM le tacaíocht ó FSS, Aostacht agus Deiseanna, Grúpaí Gníomhaíochta Lucht Scoir agus pobail
		Comórtais ar fud na tíre chun spórt agus gníomhaíocht choirp a chur chun cinn d'aosúcháin	Féile Spóirt Bhliantúil	PSÁM le tacaíocht ó FSS, Grúpaí Gníomhaíochta Lucht Scoir
I.5	Pobail	Straitéis a fhorbairt chun spórt a chur chun cinn i bpobail áitiúla	Oifigeach Spóirt Pobail a cheapadh. Cur chuige pleanáilte maidir le spórt sa phobal a chur i bhfeidhm mar scéim phiólótach in dhá phobal	PSÁM le tacaíocht ó FSS, Comhairle contae na Mí, Fóram Pobail agus Deonach agus cumainn spóirt
		Tionscnaimh ag díriú ar éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh	Féile Chultúr Bhliantúil na Mí	PSÁM le tacaíocht ó ACPIF, Comhairle Contae na Mí, Cultúr agus CIC
		Tionscnamh “Pobail ag Gníomhú” a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dó	2 phobal nua páirteach in aghaidh na bliana	PSÁM le tacaíocht ó Fóraim Phobail agus Deonacha agus FSS
		Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh nuálaíochta laistigh de phobail faoi mhíchumas chun spórt agus gníomhaíocht choirp a fheabhsú	50 oibrí deonach a thraenáil in aghaidh na bliana chun campaí samhraidh bliantúla agus tionscnaimh a chur chun cinn	PSÁM le tacaíocht ó Springboard, Cónaidhm Ógra na Mí, ACPIF agus pobail

Aidhm 2: Chun caighdeán an chláir agus áiseanna atá ar fáil a fheabhsú sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp sa Mhí.

Gníomh	Sprioc	Gníomhaíocht	Beartais Ratha	Freagracht/Acmhainn
2.1	Clubanna, Oiliúnoirí, Oibrithe Deonacha	Tacú le clár traenála agus le cur i bhfeidhm “Cód Eiticí agus Dea-Chleachtais do Spórt Leanaí	Oifigeach Leanaí Traenáilte i ngach club le rannóg shóisir	PSÁM le tacaíocht ó CNS
		Eolas faoi dheontas agus tacaíocht do chlubanna spóirt a chur ar fáil	Saotharlann eolais agus comhairle bhreise faoi mhaoiniú bliantúil a chur ar fáil	PSÁM
		Modhanna éifeachtacha chun eolas traenála, modhanna agus cúrsaí timpeall an chontae a fhorbairt chun leibhéil scileanna a roinnt agus dúbláil a sheachaint	Modh chun acmhainní traenála agus cúrsaí idir eagraíochtaí spóirt a thabhairt le chéile, teacht ar thraenáil do dhaoine aonair agus d’eagraíochtaí níos lú a mhéadú	Bord PSÁM
		Tacaíocht a thabhairt do chúrsaí oiliúna aitheanta i gcomhar le Boird Chontae, BBN agus clubanna	Líon na n-oiliúnoirí traenáilte agus deiseanna chun leas a bhaint as cláir oideachais d’oiliúnoirí a mhéadú	PSÁM
		Cúrsaí oideachais d’oiliúnoirí agus do dhaoine deonacha, cúrsaí traenála agus forbartha a aithint agus a chur ar fáil	Líon na ndaoine deonacha/n-oiliúnoirí traenáilte laistigh de chlubanna a mhéadú	PSÁM le tacaíocht ó BBN
2.2	Coistí Bainistíochta	Scileanna agus cumais choistí bainistíochta a mhéadú trí oibrithe deonacha a thraenáil i ngach gné de struchtúr an chlub, sa rialachas agus sa bhainistíocht	Tá clár traenála ar fáil ar fud an chontae	PSÁM

Gníomh	Sprioc	Gníomhaíocht	Beartais Ratha	Freagracht/Acmhainní
2.3	Údaráis áitiúla/ comhairleoirí pleanála	Modh comhordaithe maidir le pleanáil don spórt agus do ghníomhaíocht choirp a spreagadh laistigh den Mhí i gcomhthéacs PCÁ, pleanáil chéimnithe agus Tairbhe don Phobal	Modh comhsheasmhach chun an próiseas pleanála a chur in iúl agus a threorú maidir le háiseanna spóirt agus fóillíochta don chontae	Comhairle Contae na Mí le tacaíocht ó PSÁM
2.4	Scoileanna agus Ionaid Phobail	Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainn chun méadú a dhéanamh ar úsáid áiseanna go poiblí agus go hócáideach	Triail phíolótach agus measúnú a dhéanamh ar cheantar forbartha amháin	PSÁM

Aidhm 3: Modh páirtíochta láidir maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm an spóirt agus ghníomhaíocht choirp i gContae na Mí a fhorbairt

Gníomh	Spríoc	Gníomhaíocht	Beartais Ratha	Freagracht/Acmhainní
3.1	Tiomantas, acmhainn agus cumas PSÁM	Acmhainn agus cumas PSÁM a mhéadú mar ghrúpa idiráisiúneachta chun tacú le dea-rialachas, gníomhaíochtaí a chur ar fáil agus comhoibriú idiráisiúneach a uasmhéadú	Próiseas pleanála oibríochtúil, éifeachtach bunaithe ar bhonn bliantúil agus déantar athbhreithniú air ar bhonn ráithiúil. Treoracha scríofa agus modhanna oibre, a leagann síos ról, údarás agus modhanna, chun cinneadh a dhéanamh, atá ag PSÁM, athbhreithniú déanta ar bhonn bliantúil le páirtithe	Bord agus Foireann PSÁM
		Dea-bhainistíocht acmhainne daonna, a chloíonn le reachtaíocht agus le dea-chleachtas, a fhorbairt agus a choinneáil	Polasaithe agus modhanna oibre, atá an-soiléir, maidir le gach gné den fhostaíocht socraithe agus curtha i bhfeidhm. Measúnú bliantúil ar an tslí ina bhfuil an fhoireann sásta le straitéisí bainistíochta acmhainne daonna agus le córais	Bord PSÁM
3.2	Cumas tógála - foireann	Córas bainistíochta feidhmithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus pleanáil traenála bliantúil don fhoireann	Córas bainistíochta feidhmithe i bhfeidhm ó 2008. Pleananna traenála ullamh chun cabhrú leis an bhfoireann Plean Straitéiseach PSÁM a bhaint amach ó 2008.	Bord PSÁM le tacaíocht ó CNS

Gníomh	Spríoc	Gníomhaíocht	Beartais Ratha	Freagracht/Acmhainní
--------	--------	--------------	----------------	----------------------

3.3	Critéir shoiléire chun treoir a thabhairt do chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí go léir	Socruithe páirtíochta maidir le comhghníomhaíochtaí agus ilghníomhaíochtaí páirtíochta, sainmhíniú ar aidhmeanna agus freagrachtaí.	Socruithe páirtíochta i bhfeidhm maidir le gach gníomhaíocht	PSÁM le tacaíocht ó áisíneachtaí páirtíochta agus ó ghrúpaí.
3.4	Bainistiú ar Acmhainní Airgeadais	Chomh maith le maoiniú CNS, faigh acmhainní riachtanacha chun pleananna straitéiseacha agus oibríochtúla a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Déan bainistiú, laistigh de bhuiséad, ar ioncam agus ar chaiteachas PSÁM	Fuarthas breis acmhainní chun pleananna straitéiseacha agus oibríochtúla a chur i bhfeidhm.	Bord agus Foireann PSÁM Bord agus Foireann PSÁM
3.5	Próifíl PSÁM a mhéadú	Straitéis Chumarsáide agus Chaidreamh Poiblí éifeachtach a fhorbairt go himheánach agus go seachtrach.	Tuiscint níos mó ar ról PSÁM – le feiceáil i dteagmháil níos mó, fiosruithe, iarratais ar chomhairle agus tacaíocht. Suíomh gréasáin á úsáid mar mhodh cumarsáide le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Measúnu bliantúil ar leibhéal sástachta balleagraíochta agus foirne le cumarsáid inmheánach.	Bord agus Foireann PSÁM
3.6	Gníomhaíochtaí, tionchar agus torthaí PSÁM a thomhas agus a rianú.	Obair PSÁM a neartú agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Phlean Straitéisigh seo a chinntiú trí mhonatóireacht leanúnach agus trí luacháil.	Modhanna athbhreithnithe socraithe agus i bhfeidhm. Modh PSLE i bhfeidhm go hiomlán.	PSÁM le tacaíocht ó CNS agus balláisíneachtaí.

Aguisín I

Clár Eolais Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí

<p>Leanaí/ Daoine Óga</p>	<p>Buntus Start: clár ghníomhaíocht choirp do leanaí sa réamhscoil ina bhfuil traenáil do cheannairí réamhscoile agus málaí súgartha a oireann do leanaí agus cártaí acmhainne</p> <p>Buntus Cineálach: tionscnamh spóirt bunscoile/ corpoideachais chun tacú le múinteoirí chun Corpoideachas an churaclaim agus cláir spóirt eischuraclaim a chur i bhfeidhm.</p> <p>Buntus Spórt ar Leith: tá na cláir spóirt ar leith sa bhreis ar thionscnamh Buntus agus san áireamh tá – sacar, rugbaí, galf, cispheil agus badmantan.</p> <p>Cailíní ag Gníomhú: Diríonn an clár ar chailíní meánscoile nach mbíonn gníomhach sa spórt nó sa ghníomhaíocht choirp, de ghnáth.</p>
<p>Traenáil Chlub agus Forbairt</p>	<p>Traenáil Dhífibrileora Uathoibríthe Sheachtrach: traenáil ar Leith i CPR agus úsáid phraiticiúil ar Dhífibrileoir Uathoibríthe Sheachtrach</p> <p>Cód Eiticí: Oideachas i gcosaint linbh agus clár tuisceana traenála do cheannairí spóirt/ oiliúnóirí/tuismitheoirí ar dheachleachtas i spórt do leanaí.</p> <p>Traenáil Oifigigh Linbh: traenáil bhreise d'ionadaí ainmnithe an club, atá tar éis freastal ar chlár tuisceana Chód Eiticí agus a bhfuil fonn air a bheith traenáilte mar Oifigeach Linbh an club.</p> <p>Oideachas agus Traenáil: cláir á gcur ar fáil go leanúnach chun acmhainn i measc cheannairí spóirt a mhéadú – LAG, Duais don Cheannaireacht Ghníomhach, saotharlanna spóirt ar leith, saotharlanna cineálacha agus comhdhálacha.</p> <p>Céadchabhair: Cúrsa céadchabhreach Tarrthála, Éigeandala dhá lá le bun-scileanna a fhorbairt chun déileáil le tairmigh spóirt/ gortuithe</p> <p>Scéim Dheontais Spóirt agus Ghníomhaíocht Choirp: tá dhá chuid ann – Traenáil Chlub agus Forbairt agus tionscnamh Páirtíochta ar Leith. Is í aidhm an scéim dheontais ná páirtíocht a mhéadú agus bainistiú agus riaradh na gclubanna agus, go háirithe, struchtúir óige a fhorbairt i gclubanna/eagraíochtaí chun deiseanna spóirt agus ghníomhaíocht choirp a chur ar fáil.</p>

	<p>Clár Maoinithe Caipitil don Spórt: saotharlann eolais chun tacú le clubanna le hiarratais bhliantúla mhaoinithe caipitil a chur faoi bhráid na Roinne Spóirt; san áireamh beidh tacaíocht agus comhairle maidir le tarrac an deontais.</p> <p>Clár Bainistíochta d'Oibrithe Deonacha: oideachas agus traenáil chun acmhainn i measc oibrithe deonacha i struchtúr an chlub a mhéadú, m.sh., traenáil sa chaidreamh poiblí, feidhmeanna agus freagrachtaí bhaill choistí, dea-rialachas agus bainistíocht.</p>
<p>Pobal</p>	<p>Gradam don Cheannaireacht Gníomhach: Tá an gradam ar fáil chun ceannairí ghníomhaíocht choirp, atá lonnaithe i measc an phobail agus atá traenáilte, eolach agus díograiseach, a chur ar fáil.</p> <p>Clár Gníomhaíochta do Gach Cumas: Forbraíodh tionscnaimh chun comhréimniú sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a spreagadh do dhaoine faoi mhíchumas, mar shampla, campa samhraidh do Gach Cumas, Cúntóir Snámha agus Traenáil Iomlán Mhúinteora agus traenáil sa Riachtanas Speisialta.</p> <p>Clár 'Mná sa Spórt: Déanann Comhairle Náisiúnta Spóirt an clár a chomhordú chun páirtíocht níos mó sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a chur chun cinn; san áireamh ann tá cur chun cinn, cláreagrú agus traenáil.</p> <p>Aosúcháin a choinneáil Gníomhach: chun aosúcháin a chur chun cinn agus deiseanna breise a chur ar fáil dóibh chun páirt a ghlacadh sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp, mar shampla, Daoine Aibí, Féile Spóirt agus Damhsaí ón Seanré.</p> <p>Clár 'Pobail ag Gníomhú': tionscnamh ina bhfuil modh uileghabhálach, comhtháite chun pobail a fhorbairt trí mheán an spóirt agus ghníomhaíocht choirp.</p> <p>Clár Éagsúlaithe Spóirt Idirchultúrtha: Tá an clár dírithe ar an gcomhtháthú is mó a chur chun cinn idir daoine ó chúlraí cultúrtha difriúla trí mheán an spóirt agus ghníomhaíocht choirp.</p> <p>Saotharlanna Maoinithe Cineálacha: eolas a scaipeadh maidir le deontais Rialtais ar leith a chuireann spórt agus ghníomhaíocht choirp don phobal, i gcoitinne, chun cinn, mar shampla, míchumas, beartais shoc-eacnamaíocha agus míchumas na hóige.</p> <p>Tacaíocht don Bhainistíocht Saoráide : Modh straitéiseach agus comhtháite maidir le saoráid deartha agus bainistíochta laistigh den Mhí i gcomhthéacs PCA, pleanáil chéimnithe agus Sochar Pobail.</p>

Aguisín 2

Bord Stiúrthóirí Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí

Bunaíodh Páirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí in 2002 le 20 ball ar an mBord a labhrann thar ceann áisíneachtaí áitiúla, comhlachtaí reachtúla/eagraíochtaí, clubanna agus grúpaí pobail agus deonacha. In 2007 mar chuid den phróiseas straitéiseach pleanála agus athbhreithniú ar chleachtais reatha, laghdaíodh an Bord Stiúrthóirí go dtí 14 suíochán. Bhí roinnt áisíneachtaí a raibh suíochán ar an mbord acu agus anois tá suíochán acu ag leibhéal an fho-choiste. Chun dea-chleachtas agus caighdeán a choinneáil, déanann Páirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí athbhreithniú ar chleachtais reatha go rialta chun barr feabhais a bhaint amach. De réir mar a thagann riachtanais agus éilimh chun cinn, is féidir líon na suíochán ar an mbord a mhéadú.

Tá Stiúrthóirí agus Foireann PSÁM faoi chomaoin ag dian-obair agus díogras na bpáirtithe agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha thar na cúig bliana atá thart. Gan an pháirtíocht ghníomhach agus comhoibriú na gclubanna, scoileanna, oibríthe deonacha agus grúpaí pobail, ní bheadh an oiread dul chun cinn déanta ag PSÁM is atá déanta nó ní bheadh sé in ann pleanáil don todhchaí.

Is iad seo na baill reatha ar Bhord Stiúrthóirí Pháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí:

An Comhairleoir Liz McCormack,	Comhairle Contae na Mí	Thar ceann an spóirt agus ghníomhaíocht choirp:
Dr. Nazih Eldin	Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte	Brian Carberry
Yvonne Gilsenan	Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte	Declan Sheridan
Mick O Keffe	Coiste Gairmoideachais na Mí	Moira Aston
Elma McMahan	Seirbhísí na hÓige	Brian Coyle
Fergal Ó Bric	Comhairle Contae na Mí	Deirdre Dowling
Tom O' Connor	Fóram Pobail agus Deonach na Mí	Jeff Phillips
Roisin Deery	Daoine faoi Mhíchumas	

Aguisín 3

Giorrúcháin

FSS – Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte

CNS – Comhairle Náisiúnta Spóirt

PCA – Pleanáil Cheantair Áitiúil

PSÁ - Páirtíocht Spóirt Áitiúil

CCM – Comhairle Contae na Mí

CCLM – Coiste Cúram Leanaí na Mí

CGM – Coiste Gairmoideachais na Mí

PSÁM – Páirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí

BBN – Bord Bainistíochta Náisiúnta

CO – Corpoideachas

DFMÉ – Daoine Faoi Mhíchumas na hÉireann

ACPIF – Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt

LAG – Luas, Aclaíocht, Gastacht

PSLE – Pleanáil Straitéiseach, Luacháil, Eolas